2023/2295

9.11.2023

# CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 116/2023

## an 28 Aibreán 2023

## lena leasaítear Iarscríbhinn XIII (Iompar) a ghabhann le Comhaontú LEE [2023/2295]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/664 ón gCoimisiún an 22 Aibreán 2021 maidir le creat rialála don U-spás ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/665 ón gCoimisiún an 22 Aibreán 2021 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/373 a mhéid a bhaineann le ceanglais le haghaidh soláthraithe seirbhísí bainistithe aerthráchta/seirbhísí aerloingseoireachta agus feidhmeanna líonra bainistithe aerthráchta eile san aerspás U-spáis arna ainmniú san aerspás rialaithe ([2]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(3) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/666 ón gCoimisiún an 22 Aibreán 2021 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 923/2012 sa mhéid a bhaineann le ceanglais d'eitlíocht foireannaithe a oibríonn san aerspás U-spáis ([3]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Comhaontú LEE, leasófar í mar a leanas:

1. Cuirtear an fhleasc seo a leanas isteach i bpointe 66wk (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 923/2012 ón gCoimisiún):

   '- **32021 R 0666**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/666 ón gCoimisiún an 22 Aibreán 2021 (IO L 139, 23.4.2021, lch. 187).'

2. Cuirtear an fhleasc seo a leanas isteach i bpointe 66xg (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/373 ón gCoimisiún):

   '- **32021 R 0665**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/665 ón gCoimisiún an 22 Aibreán 2021 (IO L 139, 23.4.2021, lch. 184).'

3. Cuirtear an pointe seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 66zbd (Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/723 ón gCoimisiún) d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Comhaontú LEE:

   '66zbe. **32021 R 0664**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/664 ón gCoimisiún an 22 Aibreán 2021 maidir le creat rialála don U-spás (IO L 139, 23.4.2021, lch. 161)'

*Airteagal 2*

Is téacsanna barántúla a bheidh i dtéacsanna Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2021/664, (AE) 2021/665 agus (AE) 2021/666 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacsanna atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 139, 23.4.2021, lch. 161.
([2]) IO L 139, 23.4.2021, lch. 184.
([3]) IO L 139, 23.4.2021, lch. 187.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 29 Aibreán 2023, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *, nó ar lá theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 114/2023 ó Chomhchoiste LEE an 28 Aibreán 2023 ([4]), nó ar lá theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 115/2023 ó Chomhchoiste LEE an 28 Aibreán 2023 ([5]), cibé acu is déanaí.

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 28 Aibreán 2023.

*Thar ceann Chomhchoiste an LEE*
*An tUachtarán*
Nicolas VON LINGEN

* Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.
([4]) IO L, 2023/2294, 9.11.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/2023/2294/oj.
([5]) IO L 2023/2264, 9.11.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/2023/2264/oj.